

Comhordaitheoir Rannóige - Conradh Deis Oibre Bliana *Rannóg Cumarsáide*

Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta do Chomhordaitheoir Rannóige a bheidh ag feidhmiú mar chuid d'fhoireann na Rannóige Cumarsáide. Táthar ag lorg duine cumasach agus tiomanta a bheidh freagrach as seirbhís iomlán a chur ar fáil don Rannóg Cumarsáide ag ardléibhéal cruinnis, solúbthacht agus cumais, chun déileáil leis an t-ualach oibre forleathan a bhaineann le hobair na rannóige, agus an réimse leathan cumarsáide atá le déanamh ag an rannóg go himmheánach agus go seachtrach.

Dualgais

- Tacú le bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar an Rannóg Cumarsáide.
- Seirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil don Rannóg Cumarsáide.
- Comhordú a dhéanamh ar chruinnithe fíorúil, inmheánach agus seachtrach.
- Tacú le coimisiúnú agus soláthar ábhar bolscaireachta, poiblíochta, bróisiúir, bileoga srl agus a athnuachan de réir mar is gá.

Bheadh na tréithe a leanas ag iarrthóir ar an bpost:

- Scileanna eagrúcháin láidir chomh maith le haird ar mhionsonraí agus ar chruinneas.
- Cumas i bhfeidhmiú córais ríomhaireachta airgeadais agus pacáistí caighdeánacha ríomhaireachta ar nós MS Word, Excel, Teams agus Outlook. Eolas faoi One Drive agus Sharepoint ina bhuntáiste ach níl sé riachtanach.
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, i nGaeilge agus i mBéarla, i scríbhinn agus ó bhéal.
- Cumas oibriú de réir spriocdhátaí dochta, tosaíochtaí a aithint, ualach oibre a bhainistiú agus cúpla tasc idir lámha.

Is conradh deis oibre bliana é seo. Tá tuarastal de €31,698 ag grád Oifigeach Feidhmiúcháin ag dul leis an bpost seo. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha i nGaillimh.

Seol iarratas mar aon le CV trí Ghaeilge, roimh 4in Déardaoin 18 Lúnasa 2022 chuig foluntais@udaras.ie nó;

An Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne,

Údarás na Gaeltachta,

Na Forbacha,

Co. na Gaillimhe.

Teil: 091 503100 Ríomhphost: foluntais@udaras.ie

*Is fostaitheoir comhionannais é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge
a theanga oibre.*